An Roinn Oideachais
Department of Education

Nuachtlitir Féinmheastóireachta Scoile le haghaidh Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta

Deireadh Fómhair 2023

Soláthraítear leis an nuachtlitir seo comhairle agus acmhainní chun tacaíocht a thabhairt don phobal scoile obair a dhéanamh ar fhéinmheastóireacht scoile (FMS) sa bhliain atá amach romhainn. Tabharfaidh na hipearnaisc seo thíos rochtain shimplí ar phríomh-acmhainní FMS.

FMS: Na Chéad Chéimeanna Eile 2022- 2026

Soláthraítear treoir faoi conas go bhféadtar dul i ngleic leis an FMS thar na trí bliana atá romhainn i Féinmheastóireacht Scoile: Na Chéad Chéimeanna Eile 2022- 2026. Leis an FMS, cuirtear ar chumas an phobail scoile athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeán an teagaisc agus tugtar tacaíocht dó maidir le gníomhartha sainiúla a phleanáil agus a chur i bhfeidhm chun an scoil a fheabhsú. Ba bhliain athbhreithnithe í an bhliain seo caite ina raibh deis ag gach scoil machnamh a dhéanamh maidir lena teagmháil le FMS go dtí seo agus smaoineamh ar a tosaíochtaí ar mhaithe leis an tionchar a bhí ag COVID-19 ar dhaltaí.

Anois agus pleanáil á déanamh do na trí bliana FMS atá romhainn, ba cheart go n-ullmhódh scoileanna plean cruinn chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí a bhaineann le sainchomhthéacs na scoile i dtaca le teagasc, foghlaim, cothromas agus ionchuimsiú agus tosaíochtaí náisiúnta amhail cúrsaí folláine agus curaclaim san áireamh. Agus an plean FMS á chur le chéile, beidh ar an bpobal scoile an próiseas FMS a úsáid chun timthriall ar chur chun cinn agus athbhreithniú na folláine a thosú faoi 2025.

Tacaíochtaí atá ar fáil

- Is foinse threorach ríthábhachtach í Féinmheastóireacht Scoile: Na Chéad Chéimeanna Eile 2022-2026 don FMS.
- Aibhsítear sa Seimineár Gréasáin ar FMS 2022-2026 teachtaireachtaí tábhachtacha maidir leis an FMS agus soláthraítear treoir ann ar conas FMS a phleanáil agus conas go mba cheart tabhairt faoi le go n-uasmhéadófaí an tionchar atá aige. Féadtar go mbeadh sé úsáideach duit féachaint air agus an seimineár gréasáin a phlé mar fhoireann.
- Tá réimse leathan acmhainní ar an suíomh gréasáin FMS. Áirítear ina measc teimpléid phraiticiúla agus sho-úsáidte d'fhonn cabhair a thabhairt chun gníomhú le gnéithe éagsúla den phróiseas FMS ar nós bhailiú na sonraí agus anailís a dhéanamh orthu, breithiúnais a dhéanamh agus plean tuairisce agus feabhais a ullmhú.
- Féadtar cuairteanna comhairliúcháin FMS a lorg trí ríomhphost a sheoladh chuig sse@education.gov.ie. Casfaidh cigire leat le linn cuairt chomhairliúcháin agus labhróidh an cigire le baill foirne faoin obair FMS a tugadh faoi go dtí seo agus faoi bhealaí chun an obair a fhorbairt.
- Tá raon tacaíochtaí do scoileanna i réimse na FMS á sholáthar ag Rannán Ceannaireachta Oide. Ina measc seo, tá seisiúin tosaigh ar line dóibh siúd atá i gceannas ar an bpróiseas FMS den chéad uair, seisiúin duine le duine sna hionaid oideachais tacaíochta ar fud na tíre, agus tacaíocht FMS ionscoile ar féidir iarratas a dhéanamh air ag www.pdst.ie.
- Beidh An Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais ina chabhair do cheannaireacht na scoile athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a sholáthraíonn an scoil cúrsaí folláine. Cuir i gcás, áirítear comharthaí ratha bainteach leis na ceithre phríomhréimsí folláine i gCuid 2.

Roinnt nithe tábhachtacha le nóta a dhéanamh orthu

- Beidh FMS ina cabhair do gach scoil a láidreachtaí a aithint agus feabhsuithe a chur i bhfeidhm dá daltaí.
- Is gá le go leor sonraí nó fianaise mar bhonn eolais faoi bhreithiúnais na scoile. Mar phointe tosaigh, déan machnamh ar na sonraí atá ag an scoil cheana féin agus bailigh breis sonraí nuair is gá.
- Bíodh is nach ndíríonn an FMS go rómhór ar pháipéarachas, is gá le taifead gearr scríofa a bheith agat ar na cinntí a dhéantar maidir le hobair féinmheastóireachta na scoile, lena n-áirítear gníomhartha feabhais comhaontaithe. Beidh sé seo cabhrach chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn mar aon le bealach a sholáthar chun na príomhchinntí a chur in iúl do phobal na scoile.
- Is próiseas machnamhach agus comhoibritheach é an FMS. Tá sé tábhachtach go nglacfadh ceannairí scoile, múinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí páirt sa phróiseas go fiúntach. Cabhróidh sé seo d'fhonn FMS a leabú mar bhealach oibre sa scoil.